Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Márta 2021
(OR. en)

6817/21

LIMITE

JUR 141
SOC 121
EMPL 85
CODEC 326

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0310(COD)**

**TUAIRIM ÓN tSEIRBHÍS DLÍ**[1]

| | |
|---|---|
| ó: | An tSeirbhís Dlí |
| Ábhar: | Togra ón gCoimisiún le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach – Bunús dlí |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 28 Deireadh Fómhair 2020, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach ('Togra' nó 'Togra atá beartaithe')[2]. Is é Airteagal 153(2) CFAE bunús dlí an Togra, i gcomhar le hAirteagal 153(1)(b) CFAE.

2. Tar éis an chéad phlé ar leibhéal na Meithle um Cheisteanna Sóisialta, agus roinnt iarrataí ar thuairim dhlíthiúil, chinn cathaoirleach Coreper, mar fhocal scoir, go n-iarrfaí ar Sheirbhís Dlí na Comhairle tuairim a thíolacadh ar bhunús dlí an Togra. Is mar fhreagra ar an iarraidh sin a eisítear an tuairim seo.

[1] Sa doiciméad seo, tá comhairle dlí atá faoi chosaint le hAirteagal 4(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, agus gan a bheith curtha ar fáil ag Comhairle an Aontais Eorpaigh don phobal. Forchoimeádann an Chomhairle na cearta uile atá aici sa dlí maidir leis an doiciméad a fhoilsiú gan údarú.

[2] COM/2020/682 final.

3. Dírítear sa tuairim seo ar shaincheist an bhunúis dlí agus níor cheart í a léamh mar mheasúnú uileghabhálach ar gach gné dlí den Togra. Is eol do Sheirbhís Dlí na Comhairle go bhféadfar a tuairimí a iarraidh maidir le gnéithe eile den Togra freisin, agus tá sí réidh le haghaidh a thabhairt ar cheisteanna den sórt sin má iarrtar sin.

4. Is ar an téacs a mhol an Coimisiún atá an anailís seo a leanas bunaithe. Maidir le forbairtí a dhéanfar amach anseo ar théacs an Togra a d'fhéadfadh imeacht go suntasach ón Togra, d'fhéadfadh sé gurbh fhiú go ndéanfaí Seirbhís Dlí na Comhairle measúnú breise ar na forbairtí sin.

PUBLIC

## II. <u>FORÁLACHA ÁBHARTHA CONARTHA</u>

5. Tá Airteagal 153 CFAE, bunús dlí an Togra, i dTeideal X de Chuid III de CFAE, a bhaineann le Beartas Sóisialta.

6. Seo a leanas cuid d'fhoráil tosaigh an Teidil seo, Airteagal 151 CFAE:

*'Beidh de chuspóirí ag an Aontas agus ag na Ballstáit, agus aird á tabhairt acu ar chearta sóisialta bunúsacha amhail iad sin atá leagtha amach i gCairt Shóisialta na hEorpa arna síniú in Torino ar an 18 Deireadh Fómhair 1961 agus i gCairt Chomhphobail 1989 um chearta sóisialta bunúsacha le haghaidh oibrithe, dlús a chur le fostaíocht, le dálaí feabhsaithe maireachtála agus oibre, chun go bhféadfar iad a chomhchuibhiú agus an feabhsú á choimeád ar bun, le cosaint chuí shóisialta, leis an agallamh idir na comhpháirtithe sóisialta, le hacmhainní daonna a fhorbairt ar mhaithe le hardleibhéal marthanach fostaíochta agus leis an eisiamh a chomhrac.*

*Chun na críche sin, cuirfidh an tAontas agus na Ballstáit gníomhaíochtaí chun feidhme a chuirfidh san áireamh éagsúlacht na gcleachtas náisiúnta, go háirithe i réimse an chaidrimh chonarthaigh, agus an riachtanas cumas iomaíochta gheilleagar an Aontais a choimeád ar bun (...).'*

7. Seo a leanas cuid d'Airteagal 153 CFAE:

'*1. D'fhonn cuspóirí Airteagal 151 a ghnóthú, tacóidh an tAontas le gníomhaíochtaí na mBallstát agus comhlánóidh sé iad sna réimsí seo a leanas: (...)*

*(b) dálaí oibre; (...)*

*(f) ionadú agus comhchosaint leasanna oibrithe agus fostóirí, lena n-áirítear comhchinneadh, faoi réir mhír 5; (...)*

*2. Chun na críche sin, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle: (...)*

*(b) trí bhíthin treoracha, ceanglais íosta a chuirfear chun feidhme de réir a chéile a ghlacadh sna réimsí dá dtagraítear i bpointí (a) go (i) de mhír 1, ag féachaint do na dálaí agus do na rialacha teicniúla i ngach ceann de na Ballstáit. Staonfar sna treoracha sin ó shrianta riarthacha, airgeadais agus dlíthiúla a fhorchur a bheadh ina mbac ar bhunú nó ar fhorbairt gnóthas beag agus meánmhéide.*

*Gníomhóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus le Coiste na Réigiún.*

*Sna réimsí dá dtagraítear i mír 1(c), (d), (f) agus (g), gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil, i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus leis na Coistí thuasluaite. (...)*

*5. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo maidir le pá, leis an gceart comhlachais, leis an gceart dul ar stailc ná leis an gceart frithdhúnadh a fhorchur.*'

8. In Airteagal 157(2) CFAE, a bhaineann le prionsabal an phá chomhionainn d'oibrithe fireanna agus d'oibrithe baineanna, sainmhínítear 'pá' mar a leanas:

'*2. Chun críche an Airteagail seo, ciallaíonn 'pá' an gnáthphá nó an gnáth-thuarastal bunaidh nó íosta maille le haon chomaoin eile, in airgead nó i gcomhchineál, a fhaigheann an t-oibrí, go díreach nó go hindíreach, óna fhostóir as ucht a fhostaíochta.(...)*'



PUBLIC

## III. ANAILÍS DLÍ

9. De réir cásdlí na Cúirte, ní mór an bunús dlí do ghníomh Aontais a roghnú ar bhonn gnéithe oibiachtúla a bhféadfaí athbhreithniú breithiúnach a dhéanamh orthu, cuspóir agus ábhar an ghnímh ina measc, go háirithe[3].

10. Ina theannta sin, de réir cásdlí bunaithe, ní mór príomhchuspóir nó príomh-chomhpháirt an bhirt a shainaithint chun an bunús dlí ceart a roghnú. I gcás ina bhfuil dhá chuspóir á saothrú ag beart nó a bhfuil dhá chomhpháirt ag beart agus i gcás inar féidir a aithint gur príomhchuspóir nó gur príomh-chomhpháirt ceann amháin acu, agus nach bhfuil ach ról tánaisteach ag an gceann eile, ní mór an gníomh a bhunú ar bhunús dlí amháin, is é sin an ceann atá riachtanach do phríomhchuspóir nó do phríomh-chomhpháirt an bhirt. Os a choinne sin, i gcás ina bhfuil roinnt cuspóirí á saothrú i gcomhthráth ag beart nó ina bhfuil roinnt comhpháirteanna aige atá i ndlúthnasc doscartha le chéile, gan ceann amháin a bheith tánaisteach maidir le ceann eile acu, ní mór, go heisceachtúil, beart den chineál sin a bhunú ar na bunúis éagsúla chomhfhreagracha dlí. Chinn an Chúirt, ina theannta sin, nach féidir dul i muinín le débhunúis dlí ná le hilbhunúis dlí i gcás nach bhfuil na nósanna imeachta a leagtar síos do gach bunús dlí comhréireach le chéile[4].

## A. AIDHM AGUS ÁBHAR AN TOGRA

### a) Aidhm an Togra

11. Níl airteagal sonrach sa Togra, dar teideal '*Treoir* (…) *maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach*', ina leagtar amach aidhm ná cuspóirí an togra. Mar sin féin, leagtar amach in Airteagal 1 den Togra '*ábhar*' an Togra, arb é '*creat a bhunú*' d'fhonn '*dálaí maireachtála agus oibre san Aontas a fheabhsú*.'

12. Tugtar tuilleadh sonraí sa bhrollach maidir le haidhm na treorach atá beartaithe.

[3] Breithiúnas an 6 Bealtaine 2014, *an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-43/12, EU:C:2014:298, mír 29, agus breithiúnas an 14 Meitheamh 2016, *an Pharlaimint v an Chomhairle*, C- 263/14, EU:C:2016:435, mír 43, agus cásdlí dá dtagraítear ann.

[4] Féach, mar shampla, breithiúnas an 19 Iúil 2012, *an Pharlaimint v an Chomhairle*, C-130/10, EU:C:2012:472, míreanna 43-45, agus breithiúnas an 8 Meán Fómhair 2009, *an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C- 411/06, EU:C:2009:518, míreanna 45 go 47, agus an cásdlí dá dtagraítear ann.



PUBLIC

13. Tagraítear in Aithrisí 1 go 5 d'fhorálacha den dlí príomha, Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, Cairt Shóisialta na hEorpa, colún Eorpach na gceart sóisialta agus próiseas an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe maidir le cearta oibrithe chun dálaí córa oibre, pá cothrom agus caighdeán maith maireachtála.

14. Luaitear an méid seo a leanas in Aithris 6: *'[t]airbhíonn idir oibrithe agus ghnólachtaí san Aontas d'fheabhas a chur ar dhálaí oibre agus maireachtála, lena n-áirítear trí phá íosta leordhóthanach, agus is réamhriachtanas é chun fás cuimsitheach inbhuanaithe a bhaint amach. Trí aghaidh a thabhairt ar dhifríochtaí móra maidir le cuimsiú agus le leordhóthanacht an phá íosta, cuirtear feabhas ar chothroime mhargadh saothair an Aontais Eorpaigh agus cothaítear dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta agus an cóineasú aníos'*. Meabhraítear ann '*[gur] cheart iomaíocht sa Mhargadh Aonair a bheith bunaithe ar ardchaighdeáin shóisialta, ar an nuálaíocht agus ar fheabhsuithe táirgiúlachta lena n-áiritheofar cothrom iomaíochta.'*[5] Luaitear an méid seo a leanas in Aithris 7: *'[n]uair a shocraítear an pá íosta ar leibhéil leordhóthanacha cosnaítear ioncam oibrithe faoi mhíbhuntáiste agus cuidítear le slí bheatha shásúil a áirithiú agus teorannaítear laghduithe ioncaim le linn cúluithe eacnamaíochta (...). Le pá iosta cuidítear le héileamh intíre a chothabháil, neartaítear na dreasachtaí atá ann chun obair a dhéanamh, laghdaítear neamhionannas pá agus bochtaineacht lucht saothair'*. In Aithrisí 8 agus 9 luaitear ról tábhachtach pá íosta i gcosaint grúpaí áirithe oibrithe, lena n-áirítear i gcomhthéacs phaindéim COVID-19.

15. De réir Aithris 14, tá sé *'tábhachtach gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go gcosnófar oibrithe san Aontas le pá íosta leordhóthanach.'*[6] In Aithris 15 luaitear go mbunaítear leis an Treoir atá beartaithe *'ceanglais íosta ar leibhéal an Aontais chun a áirithiú go socrófar an pá iosta ar leibhéal leordhóthanach agus go mbeidh rochtain ag oibrithe ar chosaint pá íosta'*.

---

5 Féach freisin an meabhrán míniúcháin a ghabhann leis an Togra, leathanach 6, ina luaitear '*na difríochtaí móra i gcaighdeáin chun rochtain a fháil ar phá íosta leordhóthanach*', lena '*[g]cruthaítear neamhréireachtaí tábhachtach sa Mhargadh Aonair, ar ar leibhéal Aontais is fearr is féidir aghaidh a thabhairt orthu.*'

6 Féach freisin leathanach 2 den mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an Togra: '(…) *tá sé mar aidhm sa Treoir atá beartaithe a áirithiú go gcumhdaítear na hoibrithe san Aontas le pá íosta leordhóthanach lena gcuirtear ar a gcumas tuarastal sásúil a bheith acu cibé áit ina mbíonn siad ag obair. Chun an cuspóir ginearálta sin a bhaint amach, bunaítear leis an Togra creat chun feabhas a chur ar leordhóthanacht pá íosta agus chun rochtain níos mó ar chosaint pá íosta a thabhairt d'oibrithe. Tá na cuspóirí sin ábhartha do chórais phá íosta reachtúil agus do na daoine a bhíonn ag brath ar chómhargáil.*'



PUBLIC

16. Leagtar amach in Aithris 18 gur *'modh tábhachtach é cómhargáil dhea-fheidhmiúil i socrú pá chun a áirithiú go gcosnaítear oibrithe le pá íosta leordhóthanach'* agus gur *'le cómhargáil láidir dea-fheidhmiúil agus cumhdach ard ar chomhaontuithe comhchoiteanna earnála nó trastionscail a neartaítear leordhóthanacht agus cumhdach an phá íosta.'* Luaitear in Aithris 19 *'[go bhfuil] sé ríthábhachtach go gcuireann na Ballstáit an chómhargáil chun cinn chun feabhas a chur ar rochtain oibrithe ar chosaint pá íosta a sholáthraítear le comhaontuithe comhchoiteanna.'*

PUBLIC

17. De réir Aithris 20, *'[i]s gá rialacha, nósanna imeachta agus cleachtais fhónta maidir le pá íosta reachtúil a shocrú agus a nuashonrú chun pá íosta leordhóthanach a sholáthar'*. Dearbhaítear in Aithris 22 *'[c]hun leordhóthanacht pá íosta a chur chun cinn* (…) *ba cheart athruithe ar an bpá íosta reachtúil agus asbhaintí as a bheith teoranta don mhéid íosta.'*

18. Agus míniú á thabhairt ar an bhfáth *'nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo a ghnóthú go leordhóthanach'*, déantar tagairt in Aithris 28 do na heasnaimh in iarrachtaí na mBallstát *'cosaint pá iosta leordhóthanach d'oibrithe a chur chun cinn'* agus luaitear go *'bhféadfadh sé gur beag fonn a bheadh ar thíortha aonair feabhas a chur ar leordhóthanacht agus cumhdach an phá íosta.'*

19. Ina theannta sin, cuireann Airteagal 10 maidir le faireachán agus bailiú sonraí oibleagáid ar na Ballstáit faireacháin a dhéanamh ar '*c[h]umhdach agus* (…) *leordhóthanacht pá íosta*'. De bhun Aithris 25, '*tá faireachán iontaofa agus bailiú sonraí ríthábhachtach chun cosaint pá íosta éifeachtach a áirithiú.*'

20. Tugtar míniú sa bhrollach freisin maidir leis an méid nach bhfuil sé mar aidhm leis an Togra a dhéanamh: De réir Aithris 16, *'(...) níl sé d'aidhm ag an Treoir seo leibhéal an phá íosta ar fud an Aontais a chomhchuibhiú ná sásra aonfhoirmeach maidir le socrú pá íosta a bhunú. Ní chuireann sé sin isteach ar shaoirse na mBallstát pá íosta reachtúil a shocrú nó rochtain ar chosaint pá íosta a sholáthraítear le comhaontuithe comhchoiteanna a chur chun cinn, rud a dhéanfaí de réir thraidisiúin agus shainiúlachtaí gach tíre agus lena dtabharfaí lánurraim d'inniúlachtaí náisiúnta agus do shaoirse chonarthach na gcomhpháirtithe sóisialta. (...) [N]í bhunaítear leis an Treoir seo leibhéal an phá, a thagann faoi shaoirse chonarthach na gcomhpháirtithe sóisialta ar an leibhéal náisiúnta agus faoi inniúlacht ábhartha na mBallstát'.* Déantar an méid sin a dhoiléiriú sa dara fomhír d'Airteagal 1(1) agus i míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 1 (féach mír 23 thíos).

PUBLIC

21. Bunaithe ar na heilimintí sin, is féidir teacht ar an gconclúid gurb é is aidhm don Togra leordhóthanacht agus cumhdach an phá íosta d'oibrithe a fheabhsú, rud a chuirfidh lena gcaighdeán maith maireachtála agus a chuirfidh le dálaí maireachtála agus oibre. Go háirithe, is é is aidhm don Togra a áirithiú go bhfuil creat i bhfeidhm ag na Ballstáit lenar féidir pá íosta a shocrú ar leibhéal leordhóthanach agus lena bhfeabhsaítear an rochtain ar chosaint pá íosta.

**b) Ábhar an Togra**

22. Maidir le hábhar an Togra, cuirtear in iúl in Airteagal 1 go *'[m]bunaítear creat leis an Treoir seo maidir le: (a) leibhéil leordhóthanacha pá íosta a shocrú; (b) rochtain oibrithe ar chosaint pá íosta, i bhfoirm pá a leagtar amach i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó i bhfoirm pá íosta reachtúil, i gcás inarb ann dó.'*

23. Luaitear freisin in Airteagal 1 go mbeidh an Treoir atá beartaithe *'(...) gan dochar do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta a urramú go hiomlán agus dá gceart chun comhaontuithe comhchoiteanna a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích chomh maith.'* (an dara fomhír de mhír 1). Luaitear ann freisin go mbeidh sí *'(...) gan dochar do rogha na mBallstát pá íosta reachtúil a shocrú nó rochtain ar chosaint pá íosta arna soláthar ag comhaontuithe comhchoiteanna a chur chun cinn'* (mír 2). Ina theannta sin, luaitear in Airteagal 1(3) nach bhforchuirtear oibleagáid leis an Treoir seo *'ar na Ballstáit ina n-áirítear socrú pá go heisiach via comhaontuithe comhchoiteanna pá íosta reachtúil a thabhairt isteach nó comhaontuithe comhchoiteanna a bheith infheidhme go huilíoch.'*

PUBLIC

24. Cuirtear in iúl i bpointe (1) d'Airteagal 3 den Togra go gciallaíonn 'pá íosta' *'an luach saothair íosta a bhfuil sé de cheangal ar an bhfostóir a íoc le hoibrithe don obair arna déanamh le linn tréimhse ar leith, arna ríomh ar bhonn ama nó aschuir.'*

25. Cuirtear iúl i bpointe (3) d'Airteagal 3 den Togra go gciallaíonn 'cómhargáil' an chaibidlíocht uile a tharlaíonn idir na comhpháirtithe sóisialta '*chun dálaí oibre agus téarmaí fostaíochta a shocrú; agus/nó chun an caidreamh idir fostóirí agus oibrithe a rialáil; agus/nó chun an caidreamh idir fostóirí agus a n-eagraíochtaí agus eagraíocht oibrithe nó eagraíochtaí oibrithe a rialáil.*'

26. Déantar idirdhealú sa Togra idir na Ballstáit a bhíonn ag brath ar chóras reachtúil chun pá íosta a shocrú[7] agus na Ballstáit a bhíonn ag brath ar chóras a rialaítear go heisiach le comhaontuithe comhchoiteanna[8].

27. Le hAirteagal 4(1) den Togra, cuirtear oibleagáid ar na Ballstáit uile bearta áirithe a dhéanamh chun cómhargáil a chur chun cinn agus chun caibidlíocht chuiditheach maidir le socrú pá a spreagadh. Iarrtar ar na Ballstáit na bearta sin a dhéanamh chun *'cumhdach cómhargála a mhéadú'*. Baineann na hoibleagáidí sa mhír seo le socrú pá i gcoitinne agus níl siad teoranta do phá íosta.

---

[7] In Airteagal 3, pointe (2), tugtar an sainmhíniú seo a leanas ar 'pá íosta reachtúil': '*pá íosta arna leagan síos i ndlí, nó forálacha dlíthiúla eile atá ceangailteach ó thaobh dlí.*'

[8] In Airteagal 3, pointe (4), tugtar an sainmhíniú seo a leanas ar 'comhaontuithe comhchoiteanna': *'na comhaontuithe uile i scríbhinn maidir le dálaí oibre agus téarmaí fostaíochta a thug na comhpháirtithe sóisialta i gcrích mar thoradh ar an gcómhargáil.*'

28. Ina theannta sin, le hAirteagal 4(2) ceanglaítear ar na Ballstáit a bhfuil cumhdach cómhargála níos lú ná 70 % acu *'foráil de bhreis air sin* [a dhéanamh] *maidir le creat coinníollacha cumasúcháin maidir leis an gcómhargáil'* agus plean gníomhaíochta a bhunú chun é a chur chun cinn. In ainneoin a d'fhéadfaí a thuiscint as teideal Airteagal 4 ('*Cómhargáil i socrú pá a chur chun cinn*') [9], is oibleagáid ghinearálta í an oibleagáid i mír 2 den fhoráil seo agus níl sí teoranta do chómhargáil a chur chun cinn i ndáil le pá íosta nó le socrú pá i gcoitinne.

29. Dá bhrí sin, cuimsíonn foclaíocht mhír 2 d'Airteagal 4 níos mó ná gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar leordhóthanacht pá; go deimhin féin, baineann sí leis an gcómhargáil a chur chun cinn i ndáil le dálaí oibre i gcoitinne. Ar an dóigh chéanna, an critéar chun na Ballstáit atá faoi réir na hoibleagáide in Airteagal 4(2) den Togra a shainiú, i.e., iad siúd a bhfuil cumhdach cómhargála 70 % iontu, ní bhaineann sé lena fhairsinge atá úsáid na cómhargála chun pá a chinneadh sa Bhallstát lena mbaineann.

30. Mar sin féin, na haithrisí a fhreagraíonn d'Airteagal 4, i.e. aithrisí 18 agus 19, tagraíonn siad do '*cómhargáil i socrú pá'* agus do '*an chómhargáil* [...] *chun feabhas a chur ar rochtain oibrithe ar chosaint pá iosta a sholáthraítear le comhaontuithe comhchoiteanna*', rud a shoiléiríonn aidhm ghinearálta na forála sin.

31. Léirítear leis an méid thuas, áfach, na neamhréireachtaí agus an easpa comhsheasmhachta atá ann i roinnt cásanna idir, ar thaobh amháin, teideal féin na Treorach atá beartaithe, teidil forálacha áirithe, agus na haithrisí a bhaineann le forálacha sonracha i gcuid oibríochtúil an Togra, agus, ar an taobh eile, substaint agus raon feidhme na n-oibleagáidí sna forálacha sin. Ba cheart, le linn an phlé, na neamhréireachtaí sin a cheartú.

---

9 Is linne an treise anseo agus san athfhriotal ar fad eile ó fhorálacha na gConarthaí, an Togra agus an chásdlí.



PUBLIC

32. I dteannta na n-oibleagáidí ginearálta thuasluaite maidir le cómhargáil a leagtar amach in Airteagal 4, leagtar amach sa Togra oibleagáidí breise do na Ballstáit sin a bhfuil córas pá íosta reachtúil acu. Ní mór dóibh an méid seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

PUBLIC

i) '*a áirithiú go ndéanfar an pá íosta reachtúil a shocrú agus a nuashonrú faoi threoir na gcritéir lena gcuirtear leordhóthanacht chun cinn agus é mar aidhm dálaí cuibhiúla oibre agus maireachtála, comhtháthú sóisialta agus an cóineasú aníos a bhaint amach*' (Airteagal 5(1)).

Ní shainítear coincheap na 'leordhóthanachta' sa Togra. Foráiltear in Airteagal 5(2), áfach, do liosta íosta critéar nach mór do na Ballstáit a chur i bhfeidhm chuige sin, i.e. ar a laghad *'cumhacht ceannaigh an phá íosta reachtúil (...)'*, '*leibhéal ginearálta ollphá agus an chaoi a ndáiltear é*', '*ráta fáis an ollphá'* agus '*forbairtí táirgiúlachta saothair*.'

Le hAirteagal 5(3) cuirtear oibleagáid ar na Ballstáit *úsáid* (a bhaint) *as 'luachanna tagartha táscacha chun a measúnú ar leordhóthanacht an phá íosta reachtúil i ndáil leis an leibhéal ginearálta ollphá a threorú, amhail na luachanna a úsáidtear ar an leibhéal idirnáisiúnta*', ach ní leagtar amach céard iad na luachanna sin. Maidir leis an ábhar sin, léiríonn aithris 21 céard iad na himthosca faoina meastar '*go bhfuil an pá íosta leordhóthanach*' .i. *'más rud é go bhfuil sé cóir i ndáil le dáileadh pá sa tír agus má sholáthraíonn sé caighdeán sásúil maireachtála',* rud a chinntear '*i bhfianaise na ndálaí socheacnamaíocha náisiúnta'* agus deirtear gur féidir *'leis na táscairí a úsáidtear go minic ar an leibhéal idirnáisiúnta, amhail 60 % den ollphá airmheánach agus 50 % den mheán-ollphá, a bheith ina gcuidiú chun leordhóthanacht pá íosta a mheasúnú i ndáil le leibhéal an ollphá*.'

ii) nuashonruithe rialta tráthúla ar phá íosta reachtúil a áirithiú '*ar mhaithe lena leordhóthanacht a chaomhnú*' (Airteagal 5(4));

iii) '*comhlachtaí comhairleacha* [a bhunú] *chun comhairle a chur ar na húdaráis inniúla maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an bpá íosta reachtúil*' (Airteagal 5(5));

iv) teorainn a chur le húsáid éagsúlachtaí ar phá íosta reachtúil agus asbhaintí as ó thaobh ama agus substainte araon, lena n-áirítear trína míniú le haidhmeanna dlisteanacha (Airteagal 6);

v) a áirithiú go mbeidh na comhpháirtithe sóisialta páirteach go tráthúil éifeachtach i socrú agus nuashonrú pá íosta reachtúil (Airteagal 7);

vi) bearta áirithe a dhéanamh *'chun rochtain oibrithe ar chosaint pá íosta reachtúil a fheabhsú, de réir mar is iomchuí'* (Airteagal 8). Áirítear ar na bearta sin rialuithe agus cigireachtaí a neartú, treoir a fhorbairt d'údaráis forfheidhmiúcháin agus an dualgas a áirithiú go mbeidh faisnéis ar phá íosta reachtúil ar fáil.

PUBLIC

33. Ar deireadh, i gCaibidil III den Togra tá sraith forálacha cothrománacha atá dírithe ar na Ballstáit uile maidir le soláthar poiblí, oibleagáidí faireacháin agus bailithe sonraí, agus nósanna imeachta sásaimh.

34. Go háirithe, tagraíonn Airteagal 9 d'oibleagáidí atá ar na mBallstát a áirithiú, i gcomhthéacs an tsoláthair phoiblí, go gcomhlíonfar an pá is infheidhme *'i gcomhréir le'* trí threoir ábhartha i réimse an tsoláthair phoiblí. Tugann an fhoclaíocht le fios nach bhfuil sé i gceist leis an bhforáil oibleagáidí nua a chruthú atá lasmuigh de raon feidhme na n-oibleagáidí sin atá sna gníomhartha sin de chuid an Aontais atá ann cheana. Daingnítear an léamh sin le haithris 24, lena dtagraítear do na hoibleagáidí atá ar oibreoirí eacnamaíocha faoin reachtaíocht atá ann cheana maidir le soláthar poiblí. Dá bhrí sin, ní chuireann Airteagal 9 aon luach oibríochtúil leis an Togra: níl ach luach dearbhaitheach leis [10]. Dá bhrí sin, ní bheidh tionchar ag an bhforáil seo ar roghnú an bhunúis dlí iomchuí don Togra.

[10] Ó thaobh an dréachtaithe dhlíthiúil de, ní mór forálacha dearbhaitheacha dá samhail a sheachaint sa chuid oibríochtúil de ghníomhartha dlí an Aontais. Foráiltear i bpointe 12 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 22 Nollaig 1998 maidir le treoirlínte comhchoiteanna i dtaca le cáilíocht dréachtaithe reachtaíocht an Chomhphobail (IO C 73, 17.3.1999, lch. 1): *'níor cheart go gcumhdófaí forálacha nach bhfuil normatach i dtéarmaí achtacháin gnímh cheangailtigh, amhail mianta nó dearbhuithe polaitiúla, ná forálacha ina ndéantar athrá nó athleagan ar shleachta nó ar airteagail ó na Conarthaí ná forálacha ina n-athshonraítear forálacha dlíthiúla atá i bhfeidhm cheana féin*' (aistriúchán neamhoifigiúil).

35. Cuireann Airteagal 10 oibleagáid ar na Ballstáit uirlisí éifeachtacha bailithe sonraí a fhorbairt chun faireachán a dhéanamh ar *'cumhdach agus leordhóthanacht an phá íosta'*. Ní mór do na Ballstáit sonraí a thuairisciú don Choimisiún freisin agus féadfaidh an Coimisiún tuilleadh faisnéise a iarraidh *'i gcás ina measfaidh sé go bhfuil an fhaisnéis sin riachtanach chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm éifeachtach na Treorach seo*'. Dá bhrí sin, i bprionsabal, is oibleagáidí coimhdeacha na hoibleagáidí tuairiscithe i ndáil leis na príomhoibleagáidí lena mbaineann siad i gcomhthéacs an Togra seo. De bhun aithris 25, áfach, *'[t]á faireachán iontaofa agus bailiú sonraí ríthábhachtach chun cosaint pá íosta éifeachtach a áirithiú*'. Cé nach mínítear tuilleadh san aithris sin an nasc arna lua idir faireachán agus bailiú sonraí agus cosaint pá íosta, tugtar le tuiscint gur oibleagáid shubstaintiúil freisin iad na hoibleagáidí tuairiscithe in Airteagal 10 a bhfuil sé mar aidhm aici feabhas a chur ar chosaint éifeachtach pá íosta. Dá bhrí sin, cuirfear san áireamh é agus measúnú á dhéanamh ar an mbunús dlí.

PUBLIC

36. In Airteagal 11 foráiltear do cheart chun sásaimh agus cosaint i gcoinne cóir dhíobhálach nó iarmhairtí. Ní mór do na Ballstáit uile a áirithiú go gcuirfear sásraí éifeachtacha réitigh díospóidí i bhfeidhm '*i gcás sáruithe ar a gcearta a bhaineann le pá íosta reachtúil nó ar cosaint pá íosta arna soláthar ag comhaontuithe comhchoiteanna*'. De réir aithris 26, is é is aidhm leis an bhforáil sin '*d'fhonn nach mbainfear a gcearta d'oibrithe*' i ndáil le cosaint an phá íosta bhunaithe. Is oibleagáid shubstainteach í sin maidir le rochtain ar chosaint an phá íosta, rud atá ábhartha i ndáil leis an mbunús dlí a chinneadh.

37. Tuigtear ón méid thuas go bhforchuireann an Togra, i dtéarmaí ábhair, ar na Ballstáit a bhfuil córas pá íosta reachtúil acu roinnt oibleagáidí maidir leis an bpróiseas chun an pá íosta sin a shocrú (critéir, nuashonruithe rialta, comhlachtaí comhairliúcháin a bhunú, teorannú ar éagsúlachtaí, rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, rialuithe, etc.) agus oibleagáidí chun an rochtain a fheabhsú ar phá íosta reachtúil leordhóthanach. Tá na Ballstáit uile chun an chómhargáil a chur chun cinn agus chun rochtain oibrithe ar chosaint pá íosta a fheabhsú trí cheart á áirithiú chun sásaimh i gcás ina ndéantar a gcearta a shárú. Ní mór do na Ballstáit uile faireachán agus tuairisciú a dhéanamh i ndáil le cumhdach agus leordhóthanacht an phá íosta.

### c) Aidhm agus ábhar an Togra

38. Ar bhonn na hanailíse thuas, is féidir teacht ar an gconclúid gurb é is aidhm leis an Togra feabhas a chur ar leordhóthanacht agus ar chumhdach an phá íosta sna Ballstáit trí chreat a bhunú le haghaidh an fheabhsaithe sin agus tríd an rochtain ar phá íosta leordhóthanach a fheabhsú.

39. Maidir leis na Ballstáit sin a bhfuil córas pá íosta reachtúil acu, féachann an Togra leis na cuspóirí thuas a bhaint amach trí fhoráil a dhéanamh do roinnt oibleagáidí maidir leis an bpróiseas lena ndéantar an pá íosta a shocrú (critéir, nuashonruithe rialta, comhlachtaí comhairliúcháin a bhunú, teorannú ar éagsúlachtaí, rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta, rialuithe, etc.), chomh maith le rialuithe agus cigireachtaí a neartú.

40. Maidir leis na Ballstáit ar fad, tá an aidhm chun cumhdach an phá íosta leordhóthanaigh a mhéadú agus feabhas a chur ar an rochtain air le baint amach trí chómhargáil a chur chun cinn agus trí shásamh agus cosaint a áirithiú i gcás sáruithe ar chearta a bhaineann leis an bpá íosta atá ann cheana.

41. Mar a leagadh amach i mír 31 thuas, tá neamhréireacht áirithe ann idir aidhm agus uaillmhian dhearbhaithe an Togra seo mar a thuigtear as a theideal agus a bhrollach, go háirithe, ar thaobh amháin, agus ábhar iarbhír na mbeart atá á dtabhairt isteach sa chuid oibríochtúil den Togra, ar an taobh eile. Cé gurb é aidhm dhearbhaithe an Togra a áirithiú go gcosnófar oibrithe san Aontas le pá íosta leordhóthanach, níl ach éifeacht theagmhasach indíreach ag formhór na mbeart atá molta sa chuid oibríochtúil ar leibhéal agus ar chumhdach an phá íosta sna Ballstáit. Tá impleachtaí ag an neamhréireacht sin don anailís ar mhaithe le bunús dlí iomchuí an togra seo a chinneadh agus dá bhrí sin cuirfear san áireamh thíos í[11].

PUBLIC

[11] Mar a dúradh thuas, ar chúiseanna comhsheasmhachta, is inmholta, le linn na hoibre breise atá le déanamh ar an Togra, tuilleadh comhsheasmhachta a áirithiú idir an brollach agus forálacha oibríochtúla an Togra.

## B. AIRTEAGAL 153 CFAE MAR BHUNÚS DLÍ

42. I bhfianaise na dtorthaí thuas maidir le haidhm agus ábhar an Togra, is gá a mheas an gcomhlíontar na coinníollacha chun dul ar iontaoibh an bhunúis dlí atá molta ag an gCoimisiún, i.e. Airteagal 153(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 153(1)(b) CFAE.

### a) Bunús Airteagal 153 CFAE

43. An fhoráil ba réamhtheachtaí d'Airteagal 153 CFAE, tugadh isteach den chéad uair í in 1993 mar Airteagal 2 den Chomhaontú maidir le Beartas Sóisialta arna thabhairt i gcrích idir 11 Bhallstát[12], comhaontú a cuireadh mar iarscríbhinn leis an bPrótacal maidir le Beartas Sóisialta a cuireadh le Conradh CE le Conradh Maastricht. In 1999, le Conradh Amstardam rinneadh substaint Airteagal 2 den Chomhaontú maidir le Beartas Sóisialta a chomhtháthú i gConradh CE, áit a ndearnadh Airteagal 137 CCE de, airteagal a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 153 CFAE mar atá.

44. Bronnadh d'inniúlacht ar an gComhphobal tacú le gníomhaíocht na mBallstát agus í a chomhlánú i réimsí éagsúla, go háirithe trí íoscheanglais chomhchuibhithe a ghlacadh trí bhíthin treoracha i roinnt de na réimsí sin, lena n-áirítear dálaí oibre. Le hAirteagal 2(6) den Chomhaontú maidir le Beartas Sóisialta in 1993, a ndearnadh Airteagal 137(5) CCE de níos déanaí agus ar Airteagal 153(5) CFAE é anois, foráladh mar a leanas: '*[n]í bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo*[ míreanna 1 go 4 d'Airteagal 153] *maidir le pá, leis an gceart comhlachais, leis an gceart dul ar stailc ná leis an gceart frithdhúnadh a fhorchur*.'

### b) Coinníollacha maidir le hAirteagal 153 CFAE a úsáid agus cásdlí ábhartha na Cúirte

45. Is féidir le gníomh a bheith bunaithe ar Airteagal 153(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 153(1)(b) CFAE, i gcás ina gcomhlíontar ceithre choinníoll.

---

[12] SeachaS an Ríocht Aontaithe, a raibh rogha gan a bheith páirteach aici.



PUBLIC

46. Ar an gcéad dul síos, de réir Airteagal 153(2)(b) CFAE, tá an tAontas inniúil, i réimsí áirithe a liostaítear i mír 1, chun ceanglais íosta a ghlacadh, trí bhíthin treoracha, do chur chun feidhme de réir a chéile. Fanann an Togra laistigh de na teorainneacha sin, ós rud é gur i bhfoirm treorach atá sé agus go mbunaítear íoscheanglais leis lena gceadaítear do na Ballstáit bearta a chur i bhfeidhm nó a thabhairt isteach atá níos fabhraí d'oibrithe[13].

47. Ar an dara dul síos, le hAirteagal 153(1) CFAE tugtar d'inniúlacht don Aontas gníomhú i réimsí áirithe, arna liostú go cuimsitheach i bpointí (a) go (k), '*[d]'fhonn cuspóirí Airteagal 151 [CFAE] a ghnóthú*'. I measc chuspóirí Airteagal 151 CFAE tá *'dlús a chur (...) le dálaí feabhsaithe maireachtála agus oibre, (...) le cosaint chuí shóisialta, leis an agallamh idir na comhpháirtithe sóisialta, le hacmhainní daonna a fhorbairt ar mhaithe le hardleibhéal marthanach fostaíochta agus leis an eisiamh a chomhrac*'. I bhfianaise na dtorthaí i mír 21 thuas maidir le haidhm an Togra, is féidir teacht ar an gconclúid go bhfuil sé i gceist leis an Togra roinnt de na cuspóirí atá in Airteagal 151 CFAE a bhaint amach, go háirithe an cuspóir maidir le '*dlús a chur le dálaí maireachtála agus oibre*', mar a leagtar amach sa mhír thosaigh d'Airteagal 1(1) den Togra.

48. Ar an tríú dul síos, faoi phointe (b) d' Airteagal 153(1) CFAE, d'fhonn na cuspóirí thuas a bhaint amach, na bearta atá le tabhairt isteach ag gníomh dlí de chuid an Aontais arna ghlacadh ar bhonn na forála seo, ní mór dóibh tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát i réimse na '*dálaí oibre*' agus na gníomhaíochtaí sin a chomhlánú.

PUBLIC

13 Féach aithrisí 15 agus 29, chomh maith le hAirteagal 16(2) den Togra.

49. Ní shainítear an coincheap '*dálaí oibre*' sa Chonradh. Mar sin féin, is gné thábhachtach den chaidreamh fostaíochta é an luach saothair a íocann an fostóir leis an oibrí as an obair a dhéantar. Tá tuairim léirithe ag an gCúirt '*nach mór laghdú sa luach saothair a mheas (...) más laghdú suntasach é, mar athrú suntasach ar dhálaí oibre*' (aistriúchán neamhoifigiúil)[14]. Dearbhaítear an léirmhíniú sin ar '*dálaí oibre*' i gcásdlí na Cúirte, inar measadh go raibh feidhm bhailí ag gníomhartha arna nglacadh sa réimse a chumhdaítear le hAirteagal 137(1)(b) CCE, an fhoráil a bhí ina réamhtheachtaí d'Airteagal 153(1)(b) CFAE [15] maidir le gnéithe a bhain le luach saothair. I bhfianaise an mhéid sin, titeann bearta maidir le pá íosta laistigh den choincheap '*dálaí oibre*'.

PUBLIC

50. Fós féin, agus is é seo an ceathrú coinníoll, de réir Airteagal 153(5) CFAE, '*[n]í bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo* [Airteagal 153 CFAE] *maidir le pá* (…)'. Dá bhrí sin, foráiltear leis an bhforáil seo d'eisceachtaí[16] ó raon feidhme an mhéid is féidir a dhéanamh faoi Airteagal 153 CFAE[17].

51. Is gá, dá bhrí sin, raon feidhme na heisceachta seo a léirmhíniú. Tá sé sin déanta ag an gCúirt roinnt uaireanta agus ar bhealach comhsheasmhach ó thug sí breithiúnas uaithi in 2007 i gCás *Del Cerro Alonso* [18].

52. De réir na Cúirte, '*ós rud é go maolaítear le hAirteagal [153(5) CFAE] ó mhíreanna 1 go 4 den airteagal sin, ní mór na hábhair arna bhforchoimeád ag an mír sin a léirmhíniú go docht i dtreo is nach mbeidh tionchar míchuí ar raon feidhme mhíreanna 1 go 4, agus nach ndéanfaí na haidhmeanna atá á saothrú ag Airteagal [153 CFAE] a chur i gceist.*' (aistriúchán neamhoifigiúil)[19]

---

14 Breithiúnas an 11 Samhain 2004, *Delahaye*, C-425/02, EU:C:2004:706, mír 33. Féach freisin Tuairim ón Abhcóide Ginearálta Bot an 28 Samhain 2013, *Specht*, C-501/12 go C-506/12, C-540/12 agus C-541/12, EU:C:2013:779, mír 48 inar dearbhaíodh '*is cuid riachtanach de na dálaí fostaíochta í an pá*' (aistriúchán neamhoifigiúil).

15 Ina breithiúnas an 13 Meán Fómhair 2007, *Del Cerro Alonso,* C-307/05, EU:C:2007:509 agus ina breithiúnas an 22 Nollaig 2010, *Torres,* Cásanna uamtha C-444/09 agus C-456/09, EU:C:2010:819, rialaigh an Chúirt go n-áirítear an liúntas faid seirbhíse i measc na ndálaí fostaíochta a luaitear i gClásal 4 den chreat.

16 Úsáideann an Chúirt na téarmaí '*díolmhuithe, maoluithe agus eisceachtaí*' mar chomhchiallaigh. Ní féidir aon chonclúid shubstainteach a dhíorthú as ceann amháin nó ceann eile de na téarmaí sin a bheith á úsáid. Chun críche na tuairime seo, bainfimid úsáid as an téarma '*eisceacht*', mar atá sa chásdlí a bhaineann le hAirteagal 153(5) CFAE.

17 Sa bhreithiúnas an 8 Nollaig 2020, *An Ungáir v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-620/18, EU:C:2020:1001, shoiléirigh an Chúirt nach bhfuil feidhm ag na heisceachtaí ar inniúlacht an Aontais dá bhforáiltear in Airteagal 153(5) CFAE ach amháin maidir le bearta arna nglacadh ar bhonn Airteagal 153 CFAE, agus nach gcumhdaítear bunúis dlí eile an Chonartha leo, féach mír 80.

18 *Del Cerro Alonso,* a luaitear thuas.

19 *Del Cerro Alonso,* a luaitear thuas, mír 39; *Impact*, a luaitear thuas, mír 122; breithiúnas na Cúirte an 10 Meitheamh 2010, *Bruno*, Cásanna uamtha C- -395/08 agus C- -396/08, EU: C: 2010: 329, mír 35.

53. Dúirt an Chúirt freisin '*is féidir an eisceacht a bhaineann le 'pá' a leagtar amach in Airteagal [153(5) CFAE] a thuiscint ós rud é go dtagann sé laistigh de shaoirse chonarthach na bpáirtithe sóisialta ar an leibhéal náisiúnta leibhéil agus laistigh d'inniúlacht ábhartha na mBallstát pá a shocrú. Sna himthosca sin, i staid reatha dhlí an Chomhphobail, measadh gurbh iomchuí cinneadh leibhéal an phá a eisiamh ón gcomhchuibhiú faoi Airteagal [153 CFAE] et seq.'* (aistriúchán neamhoifigiúil)[20]

54. Agus níos sonraí ná sin, shoiléirigh an Chúirt *'nach mór, dá bhrí sin, a léirmhíniú go gcumhdaíonn an eisceacht sin bearta – ar nós coibhéis chodanna uile nó roinnt de chomhchodanna an phá agus/nó leibhéal an phá sna Ballstáit, nó an pá íosta ráthaithe Comhphobail a shocrú — arb ionann iad agus dlí an Chomhphobail a bheith ag cur isteach go díreach ar chinneadh pá laistigh den Chomhphobal.'* (aistriúchán neamhoifigiúil)[21]

55. Chinn an Chúirt áfach, nach féidir an eisceacht in Airteagal 153(5) CFAE *"a leathnú chuig aon cheist a bhfuil aon chineál naisc aici le pá; dá leathnófaí, d'fhágfaí cuid de na réimsí dá dtagraítear in Airteagal [153(1) CFAE] gan roinnt mhaith dá substaint.*'[22] (aistriúchán neamhoifigiúil)

PUBLIC

---

[20] *Del Cerro Alonso,* a luaitear thuas, mír 40; *Impact*, a luaitear thuas, mír 123; *Bruno,* a luaitear thuas, mír 36.

[21] *Impact*, a luaitear thuas, mír 124; *Bruno,* a luaitear thuas, mír 37; breithiúnas na Cúirte an 19 Meitheamh 2014, *Specht,* Cásanna uamtha C-501/12 go C-506/12, C-540/12 agus C-541/12, EU:C:2014:2005, mír 33; Tuairim ón Abhcóide Ginearálta V. Trstenjak an 16 Meitheamh 2011, *Williams,* C-155/10, EU:C:2011:403, mír 61; Tuairim ón Abhcóide Ginearálta, N. Jaaskinen an 20 Samhain 2014, *UK v an Pharlaimint agus an Chomhairle,* C-507/13, EU:C:2014:2394, míreanna 112 agus 117; Tuairim ón Abhcóide Ginearálta M. Campos Sanchez-Bordonain an 28 Bealtaine 2020, *An Ungáir v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, C-620/18, EU:C:2020:392, mír 92.

[22] *Del Cerro Alonso,* a luaitear thuas, mír 41; *Impact*, a luaitear thuas, mír 125; *Bruno, a* luaitear thuas, mír 37; *Specht,* a luaitear thuas, mír 33.

56. Ní hionann an léirmhíniú a thug an Chúirt sna cásanna seo agus imeacht ón gcásdlí a bhí aici roimhe seo, go háirithe i gcás *Dellas*, ar dá réir nach féidir na híoscheanglais a d'fhéadfaí a ghlacadh ar bhonn na forála a bhí ann roimhe seo in Airteagal 153 CFAE a bheith infheidhme maidir le pá[23]. Meabhraítear don Chúirt i gcás *Dellas* gur bhain an tsaincheist a tháinig chun cinn le 'leibhéal' an phá. Dá bhrí sin, áirithíodh leis an rialú ón gCúirt gur *'ag na húdaráis náisiúnta amháin atá an t-inniúlacht leibhéal na bpánna agus na dtuarastal a bhunú'* (aistriúchán neamhoifigiúil). Ar an gcaoi chéanna, sa chásdlí ina dhiaidh sin, meabhraítear don Chúirt nach dtagann '*bunú leibhéal na gcomhchodanna éagsúla uile de phá oibrí faoi inniúlacht reachtas an Chomhphobail agus nach bhfuil aon amhras ann gur faoi chúram na gcomhlachtaí inniúla sna Ballstáit éagsúla fós é*'[24] (aistriúchán neamhoifigiúil).

PUBLIC

57. Bhain an cásdlí sin le reachtaíocht an Aontais arb é is aidhm di oibrithe a chosaint ar idirdhealú in ábhair a bhaineann le cúrsaí fostaíochta agus gairme, a rinne difear do ghnéithe áirithe a bhaineann le pá freisin[25]. Ní thugtar le fios sna rialuithe, áfach, nach bhfuil feidhm ag torthaí na Cúirte maidir le cuspóir agus léirmhíniú an eisiata in Airteagal 153(5) CFAE ach amháin sa chomhthéacs sin. Os a choinne sin, scrúdaítear an fhoráil sin agus a réamhtheachtaí go ginearálta sna téacsanna a luaitear thuas agus ní thugtar le fios leo gur i gcás gníomhartha Aontais arb é is aidhm dóibh prionsabal an neamh-idirdhealaithe a chur i bhfeidhm, agus sa chás sin amháin, a bhfuil na codanna sin de na rialuithe ábhartha.

58. Daingnítear an méid atá thuas leis an tuairim ón Abhcóide Ginearálta sa chás dá ngairtear 'Treoir na mbónas'[26] a bhaineann le cóimheasa a shocrú idir na codanna seasta agus athraitheacha den luach saothair is iníoctha le fostaithe institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, treoir nár bunaíodh ar Airteagal 153 CFAE.

[23] Breithiúnas an 1 Nollaig 2005, *Dellas*, C-14/04, EU:C:2005:728, mír 39.

[24] *Del Cerro Alonso,* a luaitear thuas, míreanna 45 agus 46; *Impact*, a luaitear thuas, mír 129; *Bruno,* a luaitear thuas, mír 39.

[25] Iarradh ar an gCúirt measúnú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na mbeart maidir le hidirdhealú in aghaidh grúpaí áirithe oibrithe. Go háirithe: in *Specht*, a luaitear thuas, léirmhínigh an Chúirt Treoir 2000/78/CE i ndáil le bearta náisiúnta lena socraítear leibhéal an phá ar bhonn na gcritéar lena ndéantar idirdhealú ar fhoras aoise; in *Impact*, in *Del Cerro Alonso* agus in *Torres*, a luaitear iad ar fad thuas, léirmhínigh an Chúirt Treoir 1999/70/CE ón gComhairle, maidir le cionroinnt idirdhealaitheach gnéithe áirithe den phá *vis-à-vis* oibrithe a bhfuil conarthaí ar théarma seasta acu; in *Bruno*, a luaitear thuas, léirmhínigh an Chúirt Treoir 1997/81/CE ón gComhairle, maidir le cionroinnt idirdhealaitheach gnéithe áirithe den phá *vis-à-vis* oibrithe a bhfuil conarthaí páirtaimseartha acu.

[26] Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

PUBLIC

59. Thug an tAbhcóide Ginearálta dá haire sa chás sin, agus tagairt á déanamh aige freisin don mhéid a luaigh an tAbhcóide Ginearálta i gcás *Impact* '*[n]ach féidir a shéanadh gur le cinneadh "leibhéal" an phá agus leis sin amháin a bhfuil an toirmeasc in Airteagal 153(5) CFAE infheidhme. (...) [N]í bheadh aon inniúlacht ag an Aontas, mar shampla "uasteorainn a thabhairt isteach d'arduithe pá bliantúla nó chun méid an phá le haghaidh ragoibre nó sealoibre, ragobair ar lá saoire poiblí nó obair oíche a rialú." (...) Is é is aidhm d'Airteagal 153(5) CFAE cosc a chur ar chaighdeánú uile-Aontais arna dhéanamh le reachtas an Aontais ar na leibhéil pá is infheidhme i ngach Ballstát (...).' (aistriúchán neamhoifigiúil)* Luaigh an tAbhcóide Ginearálta '*nach leor cóimheas ann féin chun aon ní a shocrú*' agus '*nach mbeidh tionchar díreach ag an uasteorainn ar luach saothair athraitheach atá i* [dTreoir na mbónas] *ar leibhéal pá na ndaoine a thagann faoina raon feidhme*.' (aistriúchán neamhoifigiúil)[27]

60. Ar bhonn na hanailíse ar an gcás dlí seo, ní mór a bhaint de thátal, ós rud é gurb eisceacht é, nach mór Airteagal 153(5) CFAE a léirmhíniú go docht sa chaoi is nach ndéanfar difear míchuí do raon feidhme mhíreanna (1) go (4) d'Airteagal 153. Cuirtear bac, leis an eisceacht sin, ar reachtóir an Aontais bearta a ghlacadh a bheidh bunaithe ar Airteagal 153 CFAE lena gcinntear an leibhéal pá nó lena mbunaítear leibhéal na gcomhchodanna éagsúla de phá oibrí nó lena gcuirtear isteach go díreach ar chinneadh pá.

61. Is féidir, áfach, bearta a mbaineann nasc éigin le pá leo a leagan síos i ngníomhartha an Aontais, ós rud é go mbainfí cuid mhór dá shubstaint go míchuí de raon feidhme na gcumhachtaí a thugtar don Aontas le hAirteagal 153 (1) go (4) CFAE murach sin.

---

27 Féach Tuairim ón Abhcóide Ginearálta, N. Jaaskinen, *'RA v an Pharlaimint agus an Chomhairle'* (aistriúchán neamhoifigiúil), a luaitear thuas, míreanna 117, 118 agus 120, ina dtagraítear freisin do thuairim ón Abhcóide Ginearálta J. Kokott an 9 Eanáir 2008, *Impact*, C-268/06, EU:C:2008:2.

### c) Feidhmiú an chásdlí maidir leis an Treoir atá beartaithe

62. Mar a fheictear thuas san anailís ar aidhm agus ar ábhar an Togra, bunaítear leis na híoscheanglais maidir le creat a leagan síos chun feabhas a chur ar leordhóthanacht agus ar chumhdach pá íosta d'oibrithe. Tá sé sin mar thoradh ar an sainmhíniú ar 'pá íosta', a leagtar amach i bpointe (1) d'Airteagal 3 den Togra a luaitear thuas i mír 24, go measfar pá íosta mar *'comhchuid den phá'* (aistriúchán neamhoifigiúil) de réir bhrí chásdlí na Cúirte (féach mír 54 thuas). Dá réir sin, ní mór a mheas cibé acu an gá eisiamh an phá in Airteagal 153(5) CFAE a léirmhíniú mar chosc ar bhearta Aontais amhail na cinn a leagtar amach sa Togra.

63. Tugtar faoi deara go bhfuil an Togra gan fasach i ndlí sóisialta an Aontais sa mhéid is go mbunaítear leis na híoscheanglais a bhaineann le comhchuid den phá. Cé gur ghlac an tAontas bearta lena ndéantar difear do phá san am a chuaigh thart, ba ghnéithe iad siúd i measc rialacha eile maidir le coinníollacha oibre i gcoitinne. Ba cheart, dá bhrí sin, féachaint nach gcuirtear, leis an eisceacht atá in Airteagal 153(5) CFAE, bac *per se* ar ghníomh, ar nós an Togra, sa mhéid is go mbaineann sé le pá íosta, ar comhchuid den phá é.

64. Ní thugtar an méid sin le tuiscint san anailís atá déanta thuas ar an gcásdlí. Cé go mbaineann an cásdlí sin le gníomhartha de chuid an Aontais lena ndéantar difear do phá amháin, *inter alia*, tá na torthaí ón gCúirt maidir le cuspóir agus raon feidhme an eisiata in Airteagal 153(5) CFAE ginearálta agus ní thugtar aon léiriú ábhartha iontu ar an gcomhthéacs sonrach ina dtugtar iad.

65. Dá bhrí sin, ba cheart an caighdeán céanna anailíse a fheidhmiú agus measúnú á dhéanamh ar inniúlacht an Aontais maidir le gníomh ar nós an Togra, ina ndírítear ar chreat a leagan amach chun feabhas a chur ar leordhóthanacht agus ar chumhdach pá íosta d'oibrithe, ar comhchuid den phá iad, agus cuid de na coinníollacha oibre.

66. Ciallaíonn sin nach mór an Togra seo a scrúdú lena dhéanamh amach an suitear leibhéal na gcomhchodanna éagsúla de phá oibrí nó an gcuireann sé isteach go díreach ar chinneadh pá. Agus an méid sin á dhéanamh, ní mór aird a thabhairt ar an réasúnaíocht a thug ar an gCúirt na critéir sin a shainaithint. Mar a fheictear san anailís thuas, léirmhínigh an Chúirt an eisceacht in Airteagal 153(5) CFAE mar fhoráil chun saoirse chonarthach na gcomhpháirtithe sóisialta agus inniúlacht na mBallstát a chosaint a mhéid a bhaineann le leibhéal an phá a shocrú.

67. Maidir leis an dara critéar thuas, tugtar faoi deara go bhfuil na samplaí de na bearta a bhfuil bac curtha orthu a ghaireann an Chúirt, chun bearta a léiriú arb '*ionann iad agus dlí an Chomhphobail a bheith ag cur isteach go díreach i gcinneadh pá laistigh den Chomhphobal'* (aistriúchán neamhoifigiúil) nasctha le leibhéal an phá freisin: '*amhail coibhéis na gcomhchodanna ar fad den phá nó cuid díobh agus/nó an leibhéal pá sna Ballstáit, nó pá íosta ráthaithe Chomhphobail a shocrú*' (aistriúchán neamhoifigiúil). Dá bhrí sin, ní chuireann bearta a bhaineann le socrú pá isteach go huathoibríoch ar chinneadh pá.

68. De bhun chásdlí na Cúirte, ní dhéanfar ach bearta a chuireann isteach go díreach ar an gcinneadh sin a eisiamh ó inniúlacht an Aontais faoi Airteagal 153 CFAE. Tugtar le tuiscint leis sin nach measfadh an Chúirt gur cuireadh bac ar aon bhealach ar chinneadh pá a dhéanfaidh reachtóir an Aontais ach go mbreathnódh sé ar an tionchar a bhí ag an gcur isteach sin ar thoradh an chinnidh.

69. I bhfianaise an mhéid sin, measann Seirbhís Dlí na Comhairle go bhfuil inniúlacht ag an Aontas faoi Airteagal 153 CFAE íoscheanglais a bhunú a bhaineann leis an gcreat chun cumhdach pá íosta a shocrú agus a fheabhsú i gcás nach mbunaítear leis na ceanglais sin leibhéal na gné sin den phá ná nach bhforchuireann siad coinníollacha maidir le socrú an phá sin ar dócha go mbeidh tionchar díreach acu ar thoradh a gcinntithe.

70. Dá bhrí sin, cuirfear san áireamh san anailís atá déanta thíos, leibhéal an rúraidh sna forálacha agus an tsaoirse a thugtar do na Ballstáit agus do na comhpháirtithe sóisialta leis na forálacha sin.

PUBLIC

71. Sa chomhthéacs sin, luaitear in aithris 16 go bhfuil *'Airteagal 153(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh á urramú go hiomlán'* leis an Togra ós rud é nach bhfuil *'sé d'aidhm (...) seo leibhéal an phá íosta ar fud an Aontais a chomhchuibhiú ná sásra aonfhoirmeach maidir le socrú pá íosta a bhunú.'*

72. Ní léirítear an cásdlí ábhartha go hiomlán leis an ráiteas seo. Léirítear san anailís thuas, cé gur léir go bhfuil comhchuibhiú leibhéal an phá ar fud an Aontais eisiata ó inniúlacht an Aontais de bhua Airteagal 153(5) CFAE, chinn an Chúirt freisin nach bhfuil sé d'inniúlacht ag reachtóir an Aontais bearta a ghlacadh '*arb ionann iad agus dlí an Chomhphobail a bheith ag cur isteach go díreach i gcinneadh pá laistigh den Chomhphobal.*' (aistriúchán neamhoifigiúil) [28]

73. Dá bhrí sin, is gá measúnú a dhéanamh ar na bearta aonair atá sa Togra. I gcás neamhréireachtaí idir na haidhmeanna mar a sainaithníodh iad sa bhrollach agus in ábhar na coda oibríochtúla, díreoidh an measúnú reatha go príomha ar na forálacha sa chuid oibríochtúil, mar go bhfuil na bearta agus na hoibleagáidí iarbhír atá beartaithe iontu. I gcás inar gá, molfar téacs an bhrollaigh a oiriúnú mar is iomchuí.

74. Mar a léirítear thuas, tá, go bunúsach, bearta sa Togra maidir le cumhdach pá íosta, leordhóthanacht pá íosta reachtúil agus rochtain ar chosaint pá íosta.

---

**28** *Impact*, a luaitear thuas, mír 124; *Bruno,* a luaitear thuas, mír 37; *Specht,* a luaitear thuas, mír 33; Tuairim ón Abhcóide Ginearálta, V. Trstenjak, *Williams,* a luaitear thuas, mír 61; Tuairim ón Abhcóide Ginearálta, N. Jaaskinen, *RA v an Pharlaimint agus an Chomhairle,* a luaitear thuas, mír 112 agus mír 117; Tuairim ón Abhcóide Ginearálta, M. Campos Sanchez-Bordonain, *An Ungáir v an Pharlaimint agus an Chomhairle,* a luaitear thuas, mír. 92.



PUBLIC

*i) Bearta arb é is aidhm dóibh cumhdach cosaint pá íosta a mhéadú (Airteagal 4)*

75. Baineann an chéad sraith d'fhorálacha le cur chun cinn na cómhargála, lena n-áirítear maidir le pá, lena bhfuil sé mar aidhm leis an Togra cumhdach pá íosta sna Ballstáit a mhéadú. Is é is aidhm le cumhdach pá íosta an raon pearsanta maidir le cosaint pá íosta a leathnú[29]. Tá na rialacha maidir le cumhdach le fáil in Airteagal 4 den Togra[30].

76. Bunaítear oibleagáid, le hAirteagal 4(1), ar na Ballstáit uile inniúlacht comhpháirtithe sóisialta dul i mbun cómhargála maidir le socrú pá a chur chun cinn, agus caibidlíochtaí cuiditheacha, tábhachtacha, eolacha maidir le pá a spreagadh idir na comhpháirtithe sóisialta. Ní dhéantar aon tagairt san fhoráil do leibhéal an phá ach baineann sí leis an nós imeachta maidir le pá a shocrú agus an chaibidlíocht maidir le pá sna Ballstáit.

PUBLIC

29 Tugtar ar aird nach n-úsáidtear an téarma sin go comhsheasmhach sa chiall sin sa bhrollach. Cuir i gcás, déantar tagairt in Aithrisí 16 agus 19 do *'rochtain ar chosaint pá íosta a sholáthraítear le comhaontuithe comhchoiteanna'* a chur chun cinn agus dá riachtanaí atá sé go gcuirfí *'an chómhargáil chun cinn chun feabhas a chur ar rochtain oibrithe ar chosaint pá iosta a sholáthraítear le comhaontuithe comhchoiteanna'* ach tagraítear don *aidhm maidir leis an gcumhdach a mhéadú* san Airteagal 4 comhfhreagrach a bhaineann le cómhargáil a chur chun cinn. Sa tuairim seo, baintear úsáid as na téarmaí sin mar a úsáidtear iad sa chuid oibríochtúil den Togra.

30 Tugtar faoi deara nár mheas Seirbhís Dlí na Comhairle, i gcomhthéacs na tuairime seo, cibé acu an bhfuil sé léirithe go leordhóthanach an dócha go méadófaí cumhdach an phá íosta sna Ballstáit dá gcuirfí cómhargáil chun cinn. Ní cheistítear ná ní dheimhnítear na toimhdí i ndáil leis an méid sin atá in aithris 14 agus aithris 15 den Togra. Thairis sin, tá an anailís sa tuairim seo bunaithe ar an tuiscint nach gcuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit leis an Togra rochtain ar chosaint íosta pá a thabhairt do gach oibrí. Luaitear go soiléir in Airteagal 1(1)(b) go mbunaítear *'creat leis an Treoir'* atá beartaithe maidir le (…) *'rochtain oibrithe ar chosaint pá íosta, i bhfoirm pá a leagtar amach i gcomhaontuithe comhchoiteanna nó i bhfoirm pá íosta reachtúil, i gcás inarb ann dó'*. Dá nglacfaí leis, áfach, leis an bhforáil sin, go gcuirfeadh an Togra d'oibleagáid ar na Ballstáit rochtain ar chosaint pá íosta a thabhairt do gach oibrí, chuirfeadh an Togra isteach go díreach ar an gcumhdach pá íosta sna Ballstáit, agus dá bhrí sin, thiocfadh foráil mar sin faoin eisceacht atá in Airteagal 153(5) CFAE.

77. Ní mór na hoibleagáidí sin a léamh in éineacht le hAirteagal 1(2) den Togra, ar dá réir a mbeidh an Treoir *'gan dochar do rogha na mBallstát pá íosta reachtúil a shocrú nó rochtain ar chosaint pá iosta arna soláthar ag comhaontuithe comhchoiteanna a chur chun cinn'*. Cé gurb é aidhm shonraithe Airteagal 4(1) cumhdach cómhargála a mhéadú, ní féidir, dá bhrí sin, an oibleagáid a fhorchuirtear ar na Ballstáit leis a léamh mar oibleagáid lena ndéantar difear dá rogha, mar a dhaingnítear le hAirteagal 1(2) den Togra. Daingnítear an méid sin le haithris 18 freisin, ina mínítear na buntáistí a bhaineann le cómhargáil dea-fheidhmiúil i socrú pá sna Ballstáit ina bhfuil pá íosta reachtúil agus sna Ballstáit ina soláthraítear cosaint maidir le pá íosta tríd an gcómhargáil amháin.

78. Thairis sin, le hAirteagal 4(1) tugtar lánrogha do na Ballstáit maidir le cineál na mbeart a ghlacfaidh siad chun inniúlacht cómhargála na gcomhpháirtithe sóisialta a *'chur chun cinn'* agus caibidlíochtaí cuiditheacha, tábhachtacha, eolacha maidir le pá a *'spreagadh'*. Dá bhrí sin, ní dócha go mbeidh tionchar díreach ag na ceanglais a leagtar síos leis an bhforáil ar an toradh a bhí ar shocrú pá sna Ballstáit agus ní chuirtear isteach go díreach leo ar chinneadh pá sna Ballstáit.

79. Le h<u>Airteagal 4(2)</u> ceanglaítear ar na Ballstáit a bhfuil cumhdach cómhargála níos lú ná 70 % acu foráil a dhéanamh '*maidir le creat coinníollacha cumasúcháin maidir leis an gcómhargáil,* ' agus *'plean gníomhaíochta a bhunú chun an chómhargáil a chur chun cinn'*. Beidh rogha ag na Ballstáit a bheidh i gceist idir an creat sin a bhunú le dlí tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta nó é sin a dhéanamh trí chomhaontú leo. Níl aon tásca breise sa Togra maidir leis an ábhar nach mór a bheith sa chreat ná sa phlean gníomhaíochta. Dá bhrí sin, ní hionann an fhoráil seo agus cur isteach díreach ar chinneadh pá, rud a bheadh eisiata faoi Airteagal 153(5) CFAE.

80. Mar sin féin, mar a thugtar faoi deara i mír 28 thuas, ní luaitear socrú pá go sainráite san fhoráil seo. Ina ionad sin, tagraíonn an fhoclaíocht san Airteagal seo do chómhargáil i gcoitinne. Ba cheart, dá bhrí sin, féachaint an bhféadfaí an fhoráil oibríochtúil seo a mheas mar fhoráil a bhaineann ní hamháin le réimse na ndálaí oibre faoi Airteagal 153(1)(b) CFAE ach go sonrach le hionadú agus comhchosaint leasanna oibrithe agus fostóirí dá bhforáiltear in Airteagal 153(1)(f) CFAE.

81. Meabhraítear, áfach, i gcomhréir le cásdlí socair na Cúirte, go gceanglaítear le léirmhíniú ar fhoráil de dhlí an Aontais go gcuirfear san áireamh ní hamháin foclaíocht na forála sin, ach an comhthéacs ina bhfuil sí chomh maith leis sin, agus na cuspóirí a shaothraítear leis na rialacha lena mbaineann sí[31]. Tá an comhthéacs normatach ina gcuirtear foráil de dhlí an Aontais agus na críocha a shaothraítear léi ábhartha, go háirithe i gcás ina mbaineann débhríonna leis an tslí ina ndréachtaítear an fhoráil sin.

82. Ní mór, dá bhrí sin, Airteagal 4(2) den Togra a léamh i gcomhthéacs an ghnímh dlí bheartaithe ina bhfuil sé. I ndáil leis sin, mínítear in aithris chomhfhreagrach 19 go meastar le cur chun cinn na cómhargála i gcoitinne go ndéanfar '*feabhas a chur ar rochtain oibrithe ar chosaint pá iosta a sholáthraítear le comhaontuithe comhchoiteanna*' agus gur '*gnách gur sciar íseal oibrithe ar phá íseal agus pá íosta ard a bhíonn ag na Ballstáit a bhfuil cumhdach cómhargála ard acu*'. Féachtar leis an mbrollach, dá bhrí sin, a shuíomh go bhfuil nasc cúisíoch idir cómhargáil a chur chun cinn agus cumhdach níos leithne pá íosta leordhóthanaigh. Tugtar le tuiscint leis sin gurb é atá mar chuspóir deiridh ról na gcomhpháirtithe sóisialta a neartú mar a fhoráiltear in Airteagal 4(2) chun feabhas a chur ar dhálaí oibre. Dá réir sin, i gcomhthéacs an Togra, ní críoch ann féin é cómhargáil a chur chun cinn ach uirlis chun cuspóir foriomlán an Togra seo a bhaint amach. Dá bhrí sin, faoi chuimsiú an Togra mar atá, cé nach ndéantar tagairt go sainráite do shocrú pá in Airteagal 4(2), forchuirtear bearta leis arb é is aidhm dóibh cuspóirí an Togra maidir le cumhdach níos leithne pá íosta a bhaint amach. Mar sin, is é Airteagal 153(1)(b) CFAE an bunús dlí iomchuí le haghaidh na forála seo freisin.

31 Féach, an breithiúnas is déanaí, breithiúnas an 27 Eanáir 2021, *De Ruiter*, C-361/19, EU:C:2021:71, mír 39.



PUBLIC

83. Ba cheart teacht ar an gconclúid chéanna fiú seachas an nasc a bhunaítear sa bhrollach idir an aidhm cumhdach níos leithne pá íosta a bhaint amach agus ábhar iarbhír Airteagal 4(2). Fiú dá mbreathnófaí ar ábhar Airteagal 4(2), a bhaineann le hionadú agus comhchosaint leasanna oibrithe agus fostóirí, mar chomhpháirt ar leithligh ón gcuid eile d'fhorálacha na Treorach atá beartaithe, lena gcuirtear creat ar fáil a bhaineann le pá íosta, i gcomhréir leis an gcásdlí a luaitear i mír 10 thuas maidir le príomh-chomhpháirteanna agus comhpháirteanna teagmhasacha birt, chaithfí an chomhpháirt sin a cháiliú mar chomhpháirt theagmhasach, croílár an Togra seo, ar léir go bhfuil na rialacha maidir le pá íosta á gcomhlíonadh aige. Deimhnítear an forlámhas sin san anailís a rinneadh thuas ar aidhm agus ar ábhar an Togra. Dá réir sin, ag teacht leis an gcásdlí, ba cheart an Treoir atá beartaithe a bhunú ar an mbunús aonair dlí arna cheangal lena phríomh-chomhpháirt, eadhon Airteagal 153(1)(b) CFAE.

PUBLIC

84. Is é an tátal a bhaintear as sin, <u>nach</u> <u>cur isteach díreach</u> ar chinneadh pá sna Ballstáit iad <u>na rialacha in Airteagal 4</u> maidir le <u>cómhargáil</u> a chur chun cinn agus gur féidir iad a ghlacadh ar bhonn Airteagal 153(1)(b) CFAE.

***ii) Bearta arb é is aidhm dóibh leordhóthanacht pá íosta a chur chun cinn (Airteagail 5 go 7)***

85. Mar is léir ó theideal na Treorach atá beartaithe agus ón iliomad tagairtí do <u>leordhóthanacht</u> pá íosta a shainaithnítear i roinn III.A. thuas, trí chreat a bhunú chun leordhóthanacht an phá íosta a fheabhsú, déantar an cuspóir maidir lena *'áirithiú go socrófar an pá iosta ar leibhéal leordhóthanach'*(aithris 15) a shaothrú leis an Togra. Saothraítear an cuspóir sin go príomha le <u>hAirteagal 5</u> den Togra, dar teideal *'Leordhóthanacht'*, ach déantar é a shaothrú le <u>hAirteagail 6 agus 7</u> freisin. Ní bhaineann na forálacha seo ach le pá íosta reachtúil agus tá feidhm acu leis na Ballstáit sin a bhfuil córas pá íosta reachtúil acu, agus leis na Ballstáit sin amháin.

86. D’fhéadfaí a áitiú go dtitfeadh na forálacha a bhaineann le leordhóthanacht *per se* lasmuigh d’inniúlacht an Aontais, ós rud é, de réir an chásdlí ábhartha, go gcoisctear ar reachtóir an Aontais le hAirteagal 153(5) CFAE leibhéal na comhchoda den phá a bhunú. Chaithfí an chonclúid sin a tharraingt dá mba rud é (a) dá dtuigfí as leordhóthanacht ag teastáil go raibh leibhéal an phá le leagan síos agus (b) dá mbeadh an Togra ag cur oibleagáid ar na Ballstáit an pá íosta reachtúil a shocrú ar leibhéal leordhóthanach. Beidh sé soiléir an amhlaidh atá ón measúnú ar na forálacha ábhartha thíos.

87. Níl aon amhras ach go mbaineann an leordhóthanacht le leibhéal an phá, ach is coincheap coibhneasta í seachas tagairt dhaingean. Ní chuirtear an ceangal pá a bheith leordhóthanach in ionad pá a shocrú, ach bunaíonn sé critéar cáilíochtúil atá le cur i bhfeidhm sa phróiseas socraithe pá. Thairis sin, is téarma neamhchruinn solúbtha í an leordhóthanacht inti féin rud a fhágann go leor scóip chun measúnuithe agus éagsúlachtaí suibiachtúla a dhéanamh de réir cúinsí eacnamaíocha agus cúinsí eile nach iad. Dá bhrí sin, a mhéid nach ndéantar coincheap na leordhóthanachta a chúngú le critéir shonracha a mbeadh tionchar díreach acu ar an toradh agus a mbeadh oibleagáidí iarrachta fós mar shaintréith acu seachas mar thoradh, is cosúil go bhfágann sé bunbhrí inniúlacht na gcomhpháirtithe sóisialta agus na mBallstát chun an leibhéal pá a shocrú.

88. Déanfar anailís, dá bhrí sin, ar fhorálacha ábhartha an Togra lena mheas an gcúngaítear an coincheap leo ar bhealach a chuirfeadh isteach go míchuí ar chinneadh leibhéal an phá. Leis an anailís sin, beifear in ann teacht ar thátal maidir le cé acu an gcuireann an Togra oibleagáid ar na Ballstáit pá íosta reachtúil a shocrú ar leibhéal leordhóthanach agus an gcuireann na forálacha isteach go díreach ar chinneadh pá.

89. Le hAirteagal 5(1) bunaítear oibleagáid ar na Ballstáit a bhfuil pá íosta reachtúil acu a áirithiú go bhfuil socrú agus nuashonrú an phá íosta ‘*faoi threoir na gcritéir lena gcuirtear leordhóthanacht chun cinn*’ sa phá íosta. Ní mór na critéir sin a shocrú ‘*agus é mar aidhm dálaí cuibhiúla oibre agus maireachtála, comhtháthú sóisialta agus an cóineasú aníos a bhaint amach*’. De réir aithris 20, tá na critéir chun measúnú a dhéanamh ar leordhóthanacht i measc na rialacha, na nósanna imeachta agus na cleachtais chun pá íosta reachtúil a shocrú agus a nuashonrú, ar critéir iad ‘*is gá chun pá íosta leordhóthanach a sholáthar*.’

PUBLIC

90. D'ainneoin na teanga uaillmhianaí sin sa bhrollach, ní théann an fhoráil iarbhír sa chuid oibríochtúil chomh fada agus oibleagáid a chur ar na Ballstáit pá íosta reachtúil a shocrú chun leordhóthanacht a áirithiú. Ina ionad sin, déanfar an ghné seo den phá a shocrú agus a nuashonrú '*faoi threoir na gcritéir lena gcuirtear leordhóthanacht chun cinn*'. Tugann an foirmliú seo le fios cé go bhfuil sé d'aidhm ag na critéir feabhas a chur ar leordhóthanacht an pá íosta reachtúil, is oibleagáid iarrachta í an oibleagáid feidhme seachas toradh a bhaint amach.

91. Dá réir sin, le hAirteagal 5(1) ní lamháiltear an tátal go gceanglaítear ar na Ballstáit pá íosta reachtúil a shocrú ar leibhéal leordhóthanach. Ar ndóigh leagtar amach sna bearta atá molta ina leith sin creat nó próiseas chun socrú pá íosta reachtúil a fheabhsú. Dearbhaítear an léirmhíniú sin le hAirteagal 1, ar dá réir a bhunaítear leis an Treoir atá beartaithe creat chun leibhéil leordhóthanacha pá íosta a shocrú.

92. Thairis sin, san oibleagáid in Airteagal 5(1), go sainráite, fágtar an raon feidhme chun na critéir a shainiú '*i gcomhréir le cleachtais náisiúnta*' agus ní dhéantar aon fhoráil inti maidir leis an bhformáid ina nglacfar na critéir sin.

93. I bhfianaise an chaighdeáin mheasúnaithe atá leagtha síos ag an gCúirt ina cásdlí, is féidir an tátal a bhaint, dá bhrí sin, nach mbunaítear leis an oibleagáid sa mhír seo, mar atá beartaithe, leibhéal an phá íosta reachtúil ná nach bhforchuirtear léi coinníollacha maidir leis an bpá sin a shocrú a bhféadfaí a mheas go gcuireann siad isteach go díreach ar a gcinneadh. Is amhlaidh atá go háirithe mar gheall ar an tsaoirse shuntasach a fágadh ag na Ballstáit maidir le sainiú na gcritéar atá le húsáid chun leordhóthanacht a mheasúnú.

94. Sainaithnítear i bpointí (a) go (d) d'Airteagal 5(2) ceithre ghné a áireoidh na Ballstáit '*ar a laghad*'– i.e. mar íosmhéid – ina gcritéir náisiúnta lena dtreoraítear pá íosta reachtúil a shocrú agus a nuashonrú. Mar sin, cuireann Airteagal 5(2) srian ar rogha na mBallstát a mhéid a bhaineann le heilimintí ar a bhfuil treoirchritéir den sórt sin bunaithe. Is í an cheist, dá bhrí sin, an gcuirfidh an Togra isteach go díreach ar inniúlacht na mBallstát pá a chinneadh trí '*ar a laghad*' a fhorchur ar na ceithre eilimint sin atá le háireamh sna critéir náisiúnta a úsáidtear chun pá íosta reachtúil a shocrú agus a nuashonrú.



PUBLIC

95. Measann Seirbhís Dlí na Comhairle, ar bhonn léamh comhthéacsúil an Togra, nach amhlaidh atá. Ar an gcéad dul síos, mar a chinntear le hAirteagal 5(1), dá dtagraítear i mír 2, tá na gnéithe sin mar chuid de na critéir nach gceaptar ach mar '*treoir*' chun leordhóthanacht '*a chur chun cinn*'; tá lánchead fós ag na Ballstáit critéir eile nó gnéithe díobh a úsáid, i dteannta na ngnéithe sainordaitheacha a áireofar sna critéir sin. Ar an dara dul síos, foráiltear le hAirteagal 5(1) é féin go bhfuil an sainmhíniú ar chritéir le déanamh i gcomhréir le cleachtais náisiúnta na mBallstát. Ar an tríú dul síos, ní mór a thuiscint ó liosta na ngnéithe a leagtar amach in Airteagal 5(2) go bhfágtar de dhiscréid ag na Ballstáit ábharthacht agus ualú coibhneasta gach ceann de na gnéithe sin a mheas, agus aird á tabhairt ar na dálaí eacnamaíocha agus sóisialta atá i réim.

96. Mar bhonn taca don léirmhíniú thuas tá aithris 21 den Togra dá réir a chinntear leordhóthanacht an phá íosta reachtúil '*i bhfianaise na ndálaí socheacnamaíocha náisiúnta, lena n- áirítear fás fostaíochta, iomaíochas agus forbairtí réigiúnacha agus earnála chomh maith'.* Dá bhrí sin, ní féidir liosta na ngnéithe in Airteagal 5(2) a bheith ina mbonn d'fhoirmle ríomha a mbeidh ar na Ballstáit í a leanúint go huathoibríoch; creat atá ann de ghnéithe atá le cur san áireamh ar bhealach intuartha, trédhearcach agus oibiachtúil, agus is ag na Ballstáit a bheidh an tsaoirse sa deireadh thiar cinneadh a dhéanamh maidir lena n-ábharthacht agus maidir lena n-ualú coibhneasta araon[32]. Dá bhrí sin, ní hionann úsáid éigeantach na gceithre ghné mar chuid de na critéir atá le húsáid ag na Ballstáit agus tionchar suntasach a imirt ar thoradh an phróisis socraithe pá, ach ina ionad sin is oibleagáid é i gcónaí a bhaineann leis an bpróiseas. Dá bhrí sin, ní chuireann sé isteach go díreach ar chinneadh pá.

[32] Mar shampla, tá an tsaoirse fós ag na Ballstáit leibhéil phá íosta a bhunú ar tháirgiúlacht, i mblianta ina gcaithfear an t-iomaíochas a fheabhsú, nó ar bhoilsciú, i mblianta an fháis, agus iad a oiriúnú do ghnéithe timthriallacha.

97. Ós rud é nach bhfuil soiléireacht sa '*chapeau*', nó abairt réamhráiteach, d'Airteagal 5(2) ina thaobh sin agus go bhféadfadh sé amhras a chruthú maidir leis an leibhéal discréide atá ag na Ballstáit, molann Seirbhís Dlí na Comhairle dréachtú na habairte tosaigh a oiriúnú chun discréid na mBallstát sa chiall a mhínítear thuas a shoiléiriú níos fearr. Is féidir é sin a bhaint amach ach an fhoclaíocht seo a leanas a chur le habairt réamhráiteach Airteagal 5(2): '(...) *na gnéithe seo a leanas ar a laghad, a bhféadfaidh na Ballstáit a n-ábharthacht agus a n-ualú coibhneasta a chinneadh i gcomhréir leis na dálaí náisiúnta socheacnamaíocha atá i réim acu:* (…)'.

PUBLIC

98. I ndáil le ceann de na gnéithe sin (i.e. '*leibhéal ginearálta an mheán- ollphá*'), bunaítear le hAirteagal 5(3) an oibleagáid ar na Ballstáit '*luachanna tagartha táscacha*' a úsáid chun leordhóthanacht pá íosta a mheas. Tugtar faoi deara nach ceangailteach ach táscach atá na luachanna tagartha, nach bhforordaítear le mír 2 ná le mír 3 d'Airteagal 5 luach ná ualú coibhneasta ghné na gcritéar lena mbaineann sé, agus go bhfuil an tsaoirse i bprionsabal ag na Ballstáit a chinneadh cén luach tagartha a chuirfear san áireamh. Dá bhrí sin, ní chuireann an fhoráil seo isteach go díreach ar chinneadh pá ach chomh beag.

99. Le hAirteagal 5(4) bunaítear oibleagáid ar na Ballstáit a bhfuil pá íosta reachtúil acu na bearta is gá a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar iad a nuashonrú go rialta agus go tráthúil '*ar mhaithe lenaleordhóthanacht a chaomhnú*'. Amhail is atá in Airteagal 5(1), a ndéantar anailís air i míreanna 89 go 93 thuas, cé go mbaineann an fhoráil seo le socrú pá agus go bhfuil sé mar chuspóir ginearálta aici leordhóthanacht pá íosta reachtúil a áirithiú, tá a hinneachar saintreorach teoranta. Toisc gur gá nuashonrú rialta tráthúil a dhéanamh tá saoirse nach beag ag na Ballstáit agus dá bhrí sin ní chuireann sé isteach go díreach ar chinneadh pá.

100. Tugtar faoi deara, áfach, leis an bhfoirmliú '*ar mhaithe lena leordhóthanacht a chaomhnú*' go nglactar gurb ann d'oibleagáid chun leibhéal leordhóthanach pá íosta reachtúil a áirithiú, cé nach gcuireann Airteagal 5(1) d'oibleagáid ar na Ballstáit ach a áirithiú go bhfuil socrú an phá íosta sin '*faoi threoir na gcritéir lena gcuirtear leordhóthanacht chun cinn*.' Dá bhrí sin, d'fhonn débhríocht sa dréachtú a sheachaint, molann Seirbhís Dlí na Comhairle na focail sin in Airteagal 5(4) a scrios nó '*chun leanúint dá leordhóthanacht a chur chun cinn*' a chur ina n-ionad.

101. Bunaítear le hAirteagal 5(5) oibleagáid ar na Ballstáit comhlachtaí comhairleacha a chur ar bun chun comhairle a chur ar na húdaráis inniúla maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an bpá íosta reachtúil. Ní shonraítear formáid na gcomhlachtaí sin ach, de bhun Airteagal 7, tá sé sainordaitheach go mbeadh na comhpháirtithe sóisialta ina gcuid díobh agus go gcomhlíonfaidh siad feidhmeanna áirithe maidir le pá íosta reachtúil a shocrú agus a nuashonrú, agus maidir le héagsúlachtaí agus asbhaintí a bhunú.

PUBLIC

102. De réir aithris 20, tá na ceanglais nós imeachta sin agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i gcomhlachtaí comhairleacha ar na rialacha '*is gá ... chun pá íosta leordhóthanach a sholáthar*' agus is '*gné eile den dea-rialachas '... lena bhféadfar próiseas cinnteoireachta eolach cuimsitheach a chur ar fáil*.'

103. I bhfianaise ról comhairleach na gcomhlachtaí atá i gceist, ní féidir a rá go gcuireann tionchar na gceanglas nós imeachta seo ar thoradh shocrú agus nuashonrú pá íosta reachtúil isteach go díreach ar chinneadh pá. Dá bhrí sin, tagann Airteagal 5(5) agus Airteagal 7 faoi réim inniúlacht an Aontais faoi Airteagal 153(1)(b) CFAE.

104. De bhun Airteagal 6 '*[f]éadfaidh na Ballstáit rátaí éagsúla ... a cheadú*' den phá íosta reachtúil agus '*[f]éadfaidh na Ballstáit asbhaintí a cheadú*' lena laghdaítear an luach saothair. Ach sin á dhéanamh acu, ní mór do na Ballstáit critéir áirithe a urramú maidir leis na héagsúlachtaí agus na asbhaintí sin, líon na mbearta sin a choimeád chomh híseal agus is féidir agus gan iad a chur i bhfeidhm ach amháin nuair atá bonn cirt oibiachtúil leo agus iad comhréireach. Go háirithe, tagraítear in Airteagal 6(1) go bhféadfaidh na Ballstáit rátaí éagsúla pá íosta reachtúil a cheadú i gcás grúpaí sonracha oibrithe, agus cuirtear oibleagáid ar na Ballstáit go gcoinneoidh siad '*na héagsúlachtaí sin ar an leibhéal is ísle is féidir*,' agus é á áirithiú ag an am céanna '*go mbeidh aon éagsúlacht neamh- idirdhealaitheach, comhréireach, teoranta ó thaobh ama de, más ábhartha, agus go dtabharfar údar cuí oibiachtúil réasúnta léi i ngeall ar aidhm dhlisteanach*'. Tagraítear in Airteagal 6(2) go bhféadfaidh na Ballstáit asbhaintí a cheadú le dlí lena laghdaítear an luach saothair a íoctar le hoibrithe go dtí leibhéal níos ísle ná an pá íosta, agus é á áirithiú ag an am céanna go bhfuil na hasbhaintí sin '*riachtanach, comhréireach agus go bhfuil údar oibiachtúil leo.*'

105. Tugtar le fios leis an bhfoclaíocht a úsáidtear – '*Féadfaidh na Ballstáit ... a cheadú*'– gurb é reachtas an Aontais, trí bhíthin na Treorach atá beartaithe, a údaraíonn do na Ballstáit rátaí éagsúla pá íosta reachtúil a chur i bhfeidhm. Tá sé sin ag teacht salach ar chineál na n-oibleagáidí atá sna forálacha eile den Togra ar oibleagáidí iarrachta nó próisis seachas toraidh iad. Leis an bhfoirmliú sin, trína chur ar chumas na mBallstát rátaí éagsúla nó asbhaintí a cheadú, tá an chuma air go bhfuil sé d'inniúlacht ag reachtas an Aontais, ar an gcéad dul síos, na rátaí nó an luach saothair sin a shocrú agus go bhféadfadh sé ansin a údarú do na Ballstáit maolú uathu. Mar a fheictear thuas i míreanna 50 go 61, i bhfianaise na heisceachta dá bhforáiltear in Airteagal 153(5) CFAE, níl an inniúlacht sin ag reachtas an Aontais. Dá réir sin, níl an foirmliú sin iomchuí agus ba cheart é a scriosadh nó a leasú ionas go mbeidh sé i gcomhréir leis an mbonn dlíthiúil agus le teorainneacha inniúlacht an Aontais ar an ábhar seo.

106. Maidir leis an tsubstaint, léiríonn cuid de na teorainneacha in Airteagal 6 prionsabail ghinearálta an dlí – neamh-idirdhealú agus comhréireacht – agus dá bhrí sin is beag sa bhreis a chuireann siad leis ó thaobh ábhar feidhme de. Mar sin féin, is féidir a mheas go bhfuil teorainneacha eile ag cur isteach go díreach ar chinneadh pá íosta, amhail an oibleagáid rátaí éagsúla a choinneáil ag an leibhéal is ísle, an gá atá le héagsúlachtaí a bheith teoranta ó thaobh ama de agus údar cuí oibiachtúil réasúnta leo i ngeall ar aidhm dhlisteanach a bheith ag teastáil, chomh maith leis an oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na hasbhaintí sin riachtanach agus go bhfuil údar oibiachtúil leo. Ní áirítear ar na gnéithe sin roghanna a bheadh ag na Ballstáit murach sin agus a bheadh in ann iad a fheidhmiú faoin dlí náisiúnta.

107. Dá bhrí sin, a mhéid a chuireann na hoibleagáidí thuas teorainn dhíreach le saoirse na mBallstát agus iad ag socrú rátaí pá íosta reachtúil agus ag sainmhíniú éagsúlachtaí agus asbhaintí, cuireann na hoibleagáidí sin isteach go díreach ar chinneadh pá íosta mar ghné den phá ar bhealach a thagann faoin eisceacht in Airteagal 153(5) CFAE. Dá bhrí sin, na teorainneacha a théann tharstu sin lena léirítear prionsabail ghinearálta an dlí amhail neamh-idirdhealú agus comhréireacht ba cheart iad a scriosadh.

108. Dá gcoimeádfaí Airteagal 6 sa Togra, chaithfí é a athdhréachtú chun go bhfanfadh sé laistigh de raon feidhme inniúlacht an Aontais. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh ach foclaíocht Airteagal 6 a choigeartú mar seo a leanas: *'I gcás ina ndéanfaidh na Ballstáit foráil do rátaí éagsúla pá íosta reachtúil i gcás grúpaí sonracha oibrithe nó do asbhaintí le dlí lena laghdaítear an luach saothair a íoctar le hoibrithe go dtí leibhéal níos ísle ná an pá íosta reachtúil, áiritheoidh siad go mbeidh na héagsúlachtaí agus na hasbhaintí sin neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach'.*(aistriúchán neamhoifigiúil)

PUBLIC

109. Baintear de thátal, dá bhrí sin, gur féidir an chuid is mó de na bearta maidir le leordhóthanacht atá sa Togra a ghlacadh go bailí ar bhonn Airteagal 153(1)(b) CFAE, ós rud é nach bearta de chineál iad lena mbunófaí leibhéal pá íosta reachtúil nó a chuirfeadh isteach go díreach ar chinneadh na gné sin de phá.

110. Moltar an fhoclaíocht in Airteagal 5(2) agus (4) a choigeartú áfach, chun éiginnteachtaí a sheachaint maidir le cineál nós imeachta na n-oibleagáidí agus leis an tsaoirse chomhfhreagrach a fhágtar faoi na Ballstáit a mhéid a bhaineann le toradh an phróisis socraithe pá. Thairis sin, tá roinnt eilimintí d'Airteagal 6 den Togra mar atá ag cur oibleagáidí ar na Ballstáit ar féidir iad a mheas mar chur isteach díreach ar chinneadh pá íosta agus, dá bhrí sin, a thagann faoin eisceacht dá bhforáiltear in Airteagal 153(5) CFAE. I gcás ina gcoinneofar an tAirteagal seo sa Togra, ba cheart é a athdhréachtú mar a mholtar thuas.

111. Thairis sin, moltar go ndéanfar an brollach a athfhoirmliú chun a shoiléiriú nach gcuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit leis an Togra a áirithiú go socraítear pánna íosta reachtúla ar leibhéil leordhóthanacha, ach go gcruthaíonn an Treoir atá beartaithe creat lena dtacaítear le leibhéil leordhóthanacha den sórt sin a shocrú.

***(iii) Bearta arb é is aidhm dóibh an rochtain ar chosaint pá íosta atá ann cheana féin a fheabhsú***
***(Airteagail 8, 10 agus 11)***

112. Ar deireadh, tá forálacha sa Togra maidir le rochtain éifeachtach ar chosaint pá íosta. Is é is cuspóir do na forálacha sin a chur ar chumas oibrithe a gcearta a fheidhmiú ar bhealach níos éifeachtaí i ndáil leis an gcosaint ar phá íosta atá ann cheana.

113. Tá feidhm ag Airteagal 8 maidir leis na Ballstáit a bhíonn ag brath ar chóras pá íosta reachtúil agus déantar foráil maidir le sraith beart atá le déanamh, '*de réir mar is iomchuí*', chun rochtain oibrithe ar chosaint pá íosta reachtúil a fheabhsú. Áirítear ar na bearta sin rialuithe agus cigireachtaí a neartú, treoir a fhorbairt do na húdaráis forfheidhmithe agus an dualgas a áirithiú go gcuirfear an fhaisnéis faoi phá íosta reachtúil ar fáil.

PUBLIC

114. Tá feidhm ag na hoibleagáidí faireacháin agus bailithe sonraí in Airteagal 10 maidir leis na Ballstáit uile agus is éard is aidhm dóibh '*cosaint éifeachtach pá íosta*' a áirithiú. Tá sé de cheangal ar na Ballstáit a chur de chúram ar a n-údaráis inniúla uirlisí éifeachtacha bailithe sonraí a fhorbairt maidir le cumhdach agus leordhóthanacht pá íosta agus sonraí sonraithe, nó aon fhaisnéis eile is gá chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na Treorach, a thuairisciú don Choimisiún ar bhonn bliantúil. Tá oibleagáidí ó thaobh trédhearcachta de ar na Ballstáit maidir leis sin chomh maith. Déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil sin a mheasúnú agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle[33] gach bliain.

115. Tá feidhm ag Airteagal 11 maidir leis na Ballstáit uile agus cuireann sé d'oibleagáid orthu a áirithiú go gcuirfear sásraí éifeachtacha maidir le réiteach díospóidí i bhfeidhm d'oibrithe '*i gcás sáruithe ar a gcearta a bhaineann le pá íosta reachtúil nó ar cosaint pá íosta arna soláthar ag comhaontuithe comhchoiteanna*'.

116. Ní bhaineann aon cheann de na forálacha sin le socrú pá íosta. Ina ionad sin, feabhsaíonn siad urraim nó forfheidhmiú éifeachtach na cosanta pá íosta atá ann cheana gan cur isteach ar an mbealach ina gcinntear leibhéal nó cumhdach na cosanta sin. Dá bhrí sin, ní chuireann na forálacha sin isteach go díreach ar chinneadh pá íosta. I bhfianaise an chásdlí a luaitear thuas, tagann na forálacha sin faoi inniúlacht an Aontais tacú le ghníomhaíochtaí na mBallstát agus iad a fhorlíonadh trí dhálaí oibre a fheabhsú agus is féidir iad a ghlacadh go bailí ar bhonn Airteagal 153(1)(b) CFAE.

33 Ní thugann an tuairim sin aghaidh ar shaincheist na comhréireachta. Tugtar faoi deara, áfach, go bhfuil na hoibleagáidí faireacháin agus bailithe sonraí faoi Airteagal 10 an-mhionsonraithe. Ina theannta sin, tugtar faoi deara nach mínítear sa bhrollach conas a dhéanfar '*cosaint pá íosta éifeachtach a áirithiú*' ná conas a chabhróidh na sonraí arna dtuairisciú faoi Airteagal 10(2) chun faireachán a dhéanamh '*ar chur i bhfeidhm éifeachtach na Treorach seo*', ós rud é go leagtar síos leis an Togra creat chun feabhas a chur ar leordhóthanacht agus ar chumhdach pá íosta ach nach bhforchuirtear torthaí leis ina leith sin.

## IV. CONCLÚID

117. Is é seo a leanas tuairim Sheirbhís Dlí na Comhairle:

a) Ós rud é nach mbunaítear leis leibhéal na gcomhchodanna éagsúla den phá ná nach gcuireann sé isteach go díreach i gcinneadh pá, is féidir an togra a bhunú go hiomchuí ar Airteagal 153(1)(b) CFAE i gcomhar le Airteagal 153(2) CFAE (cé is moite de roinnt gnéithe in Airteagal 6 féach thíos).

b) Chun éiginnteachtaí a sheachaint maidir le cineál nós imeachta na n-oibleagáidí agus leis an tsaoirse chomhfhreagrach a fhágtar faoi na Ballstáit a mhéid a bhaineann le toradh an phróisis socraithe pá, moltar go gcuirfear isteach in abairt réamhráiteach Airteagal 5(2), na focail ', *a bhféadfaidh na Ballstáit a n-ábharthacht agus a n-ualú coibhneasta a chinneadh i gcomhréir lena ndálaí socheacnamaíocha náisiúnta mar atá*' agus go scriosfar na focail '*ar mhaithe lena leordhóthanacht a chaomhnú*' in Airteagal 5(4) nó go gcuirfear '*chun leanúint dá leordhóthanacht a chur chun cinn*' a chur ina n-ionad (féach míreanna 97 agus 100).

c) Is ionann roinnt gnéithe d'Airteagal 6 agus cur isteach díreach ar chinneadh pá, a bhfuil inniúlacht an Aontais eisiata ina leith de bhun Airteagal 153(5) CFAE. Is amhlaidh atá i gcás na dteorainneacha sin maidir le héagsúlachtaí agus asbhaintí i dtaobh pá íosta reachtúil a théann níos faide ná prionsabail ghinearálta an dlí a athlua agus, dá bhrí sin, nach bhfuil i gceist in inniúlacht an Aontais faoi Airteagal 153 CFAE, chomh maith leis an gcaoi a ndéantar an fhoráil a fhoirmliú (i.e. lamháiltear do na Ballstáit éagsúlachtaí agus asbhaintí den sórt sin a oibriú). Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 6 a scriosadh nó a choigeartú (féach mír 108 thuas).

d) Moltar, ar bhonn níos ginearálta, go ndéanfar an teanga a úsáidtear i dteideal na Treorach atá beartaithe, i dteideal airteagail áirithe agus sa bhrollach a athbhreithniú agus a oiriúnú d'fhonn go mbeidh sé comhsheasmhach le raon feidhme iarbhír na n-oibleagáidí dá bhforáiltear sa chuid oibríochtúil den Togra.

PUBLIC